Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

12631/23

LIMITE

CORLX 840
CFSP/PESC 1200
COARM 231

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht an Chonartha Trádala Arm mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht an Chonartha Trádala Arm mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Conradh Trádála Arm (CTA) an 2 Aibreán 2013 agus tháinig sé i bhfeidhm an 24 Nollaig 2014. Is Stáit is Páirtithe in CTA iad Ballstáit uile an Aontais ("na Stáit is Páirtithe").

(2) Is é is aidhm do CTA na caighdeáin idirnáisiúnta is airde is féidir a bhunú maidir le rialú a dhéanamh ar thrádáil dhleathach ghnáth-arm, nó feabhas a chur ar an rialú sin, agus trádáil aindleathach gnáth-arm a chosc agus a dhíothú agus cosc a chur ar atreorú na n-arm sin. An Conradh a bheith á chur chun feidhme go héifeachtach ag na Stáit is Páirtithe agus go ndéanfaí an Conradh a uiliú, is iad sin na príomhdhúshláin atá ann agus é á chur san áireamh gur dianiarracht dhomhanda é, faoi mar a thuigfeadh duine é, an trádáil idirnáisiúnta arm a rialú. Chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/768/CBES[1], lena méadaítear an phunann cúnaimh maidir le rialú onnmhairiúcháin an Aontais le gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le CTA. Tar éis an Chinnidh sin, tháinig Cinntí (CBES) 2017/915[2] agus (CBES) 2021/2309 ón gComhairle[3] maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais mar thaca le cur chun feidhme CTA.

PUBLIC

[1] Cinneadh 2013/768/CBES ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le gníomhaíochtaí an Aontais mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, faoi chuimsiú Straitéis Shlándála na hEorpa (IO L 341, 18.12.2013, lch. 56).

[2] Cinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais a thacaíonn le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 139, 30.5.2017, lch. 38).

[3] Cinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm(IO L 461, 27.12.2021, lch. 78).

(3) Le CTA, bunaíodh rúnaíocht ('Rúnaíocht CTA') chun cabhrú leis na Stáit is Páirtithe CTA a chur chun feidhme go héifeachtach. Déanann Rúnaíocht CTA na tuarascálacha a fháil, a chur ar fáil agus a dháileadh mar a shainordaítear le CTA; ; liosta na bpointí teagmhála náisiúnta a choinneáil ar bun agus a chur ar fáil do na Stáit is Páirtithe; meaitseáil tairiscintí agus iarrataí ar chúnamh i ndáil le cur chun feidhme CTA a éascú agus an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn de réir mar a iarrtar sin; obair Chomhdháil na Stát is Páirtithe a éascú, lena n-áirítear socruithe a dhéanamh agus na seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil le haghaidh cruinnithe arna n-eagrú faoin CTA; agus dualgais eile a chomhlíonadh de réir mar a chinnfidh Comhdhálacha na Stát is Páirtithe. Ina theannta sin, riarann Rúnaíocht CTA an Ciste Iontaobhais Deonach arna bhunú ag na Stáit is Páirtithe faoi Airteagal 16(3) de CTA chun cabhrú leis na Stáit iarrthacha is Páirtithe a dteastaíonn cúnamh idirnáisiúnta uathu chun CTA a chur chun feidhme, agus Clár Urraíochta CTA, a bunaíodh chun rannpháirtíocht ionadaithe na Stát i gcruinnithe CTA a éascú.

(4) I Straitéis Dhomhanda 2016 maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh agus i gCompás Straitéiseach an Aontais um Shlándáil agus Cosaint ó 2022, gheall an tAontas go gcuirfidh sé ord idirnáisiúnta riailbhunaithe chun cinn a mbeidh an t-iltaobhachas mar phríomhphrionsabal aige agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. Tugann an tAontas an-tacaíocht do bhallraíocht mhéadaitheach, uiliú, cur chun feidhme iomlán agus forfheidhmiú iomlán i ndáil le conarthaí iltaobhacha dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm, lena n-áirítear CTA. I gcomhthéacs na spriocanna beartais uileghabhálacha sin, luíonn tacaíocht do Rúnaíocht CTA go maith leis an aidhm shonrach atá ann an córas iltaobhach is bonn le trádáil fhreagrach arm a neartú.

PUBLIC

(5) Is maith mar is féidir le Rúnaíocht CTA idirchaidreamh a dhéanamh le gach páirtí leasmhar iltaobhach, réigiúnach, náisiúnta agus de chuid na sochaí sibhialta, a bhíonn i mbun tionscadal a thacaíonn le huiliú agus le cur chun feidhme CTA. Ina theannta sin, is soláthraí seanbhunaithe cúnaimh rialaithe onnmhairiúcháin in earraí dé-úsáide é an tAontas, agus é ag tacú le creataí dlíthiúla agus acmhainní institiúideacha a fhorbairt chun rialuithe onnmhairithe éifeachtacha ar earraí dé-úsáide agus míleata a bhunú agus a fhorfheidhmiú. Ba cheart do Rúnaíocht CTA a áirithiú go gcomhlánaíonn a tionscadail cláir chúnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana le haghaidh earraí dé-úsáide agus míleata a rialú, amhail an clár dá dtagraítear i gCinneadh (CBES) 2021/2309.

(6) An 16 Aibreán 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/649[1] maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht CTA mar thaca le cur chun feidhme CTA. De bhun an Chinnidh sin, cuirfidh an tAontas tacaíocht ar fáil don mhéid seo a leanas: fothú acmhainneachta phointí teagmhála náisiúnta CTA; uainchlár saineolaithe a bhunú ('oiliúint na n-oiliúnóirí') chun acmhainneacht saineolaithe áitiúla agus réigiúnacha CTA a fhorbairt chun comhairle agus oiliúint a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme CTA ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach; agus bunachar sonraí chun riachtanais agus acmhainní cúnaimh a mheaitseáil agus CTA á chur chun feidhme.

[1] Cinneadh (CBES) 2021/649 ón gComhairle an 16 Aibreán 2021 maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht CTA mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 133, 20.4.2021, p. 59).



PUBLIC

(7) Ós rud é go bhfuil Cinneadh (CBES) 2021/649 ón gComhairle le dul in éag an 20 Deireadh Fómhair 2023, agus aird á tabhairt ar staid dheacair leanúnach airgeadais CTA mar thoradh ar riaráiste ranníocaíochtaí CTA a bheith ar roinnt Stáit is Páirtithe go fóill, tá sé tábhachtach leanúint de thacaíocht an Aontais. Ba cheart an tacaíocht sin a dhíriú ar oiliúint do shaineolaithe náisiúnta agus réigiúnacha ar féidir leo oiliúint agus cúnamh cur chun feidhme ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na Stáit is Páirtithe, lena n-áirítear maidir le tionscadail an Chiste Iontaobhais Dheonaigh; agus feabhas a chur ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe CTA arna dhéanamh ag na Stáit is Páirtithe, lena n-áirítear trí ráta cur isteach thuarascálacha bliantúla agus tosaigh CTA a mhéadú. Ina theannta sin, beidh tacaíocht de dhíth ar Rúnaíocht CTA agus an bunachar sonraí chun riachtanais agus acmhainní a mheaitseáil á chothabháil, tar éis a sheolta, atá beartaithe in 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

1. Chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach agus uiliú an Chonartha Trádála Arm ('CTA'), tacóidh an tAontas le Rúnaíocht CTA gníomhaíochtaí a dhéanamh chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

– tacú leis na Stáit is Páirtithe in CTA ('Stáit is Páirtithe') a gcórais rialaithe aistrithe arm a neartú chun CTA a chur chun feidhme go héifeachtach;

– leagan amach institiúideach Rúnaíocht CTA a neartú mar an príomhchomhlacht chun cabhrú leis na Stáit is Páirtithe CTA a chur chun feidhme.

2. Chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, tacóidh an tAontas leis na gníomhaíochtaí tionscadail seo a leanas:

(a) oiliúint a chur ar shaineolaithe náisiúnta agus réigiúnacha CTA chun tacaíocht a chur ar fáil do na Stáit is Páirtithe chun CTA a chur chun feidhme ar leibhéal náisiúnta;

(b) neart a chur le tuiscint na Stát is Páirtithe ar oibleagáidí tuairiscithe CTA agus lena n-acmhainneacht i dtaca leis na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí dhoiciméad treorach deonach agus ábhair oiliúna a fhorbairt, ceardlanna praiticiúla a reáchtáil, agus cúnamh idirnáisiúnta eile a chomhordú;

PUBLIC

(c) an bunachar sonraí a chothabháil chun tairiscintí cúnaimh agus iarratais ar chúnamh chun CTA a chur chun feidhme a mheaitseáil.

Leagtar amach san Iarscríbhinn tuairisc mhionsonraithe ar na gníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear sa mhír seo.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Rúnaíocht CTA a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

3. Déanfaidh Rúnaíocht CTA a cuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le Rúnaíocht CTA.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 1 298 000,00 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun na gníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur chun feidhme.

PUBLIC

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an mhéid tagartha airgeadais dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú riachtanach i gcrích le Rúnaíocht CTA. Sonróidh an comhaontú go n-áiritheoidh Rúnaíocht CTA infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, ar bhealach atá iomchuí lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú chun críche.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag Rúnaíocht CTA. Beidh na tuarascálacha sin ina mbonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi na gnéithe airgeadais de chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

PUBLIC

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Rachaidh sé in éag 24 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích, nó 6 mhí tar éis dháta a ghlactha mura mbeidh an comhaontú sin tugtha i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

[…]

PUBLIC